Paróiste an Spidéil

Ag réiteach
don Chóineartú agus don Chéad Chomaoineach
sa mbliain 2021

Chuig: Tuismitheoirí na ngasúr i ranganna 2 & 6 i Scoil Éinne, An Spidéal, agus i ranganna 2, 5 agus 6 i Scoil Cholmcille, Ros a' Mhíl.

A thuismitheoirí dhíl,

Tá súil agam go bhfuil sibh féin agus na gasúir socraithe isteach go maith ar ais ar scoil ag an bpoinnte seo. Cloisim (ó ghasúir agus ó thuismitheoirí) go bhfuil sibh sásta. Buíochas leis na príomhoidí agus na foirne a shocraigh an teacht ar ais a bheith gan strus.

De ghnáth i Meán Fómhair, scríobhaim chuig tuismitheoirí na ngasúr sna ranganna a dhéanann an Chéad Chomaoineach agus an Cóineartú. I mbliana, mar go bhfuil rudaí an-difriúil, ba mhaith liom mo chuid smaointe féin maidir leis na sacraimintí sin i mbliana a chur amach sin:

1. Tá sé tábhachtach go mbeadh na gasúir tumtha sa mbeatha Chríostaí sa bparóiste sula ndéanann siad na sacraimintí seo. Beidh sé an-deacair é sin a dhéanamh i mbliana. Ní raibh na gasúir ag an Aifreann le fada anois. Faoi Bhealtaine-Meitheamh 2021, tá an-seans go mbeidh na gasúir mar choimhthigh ón séipéal agus na seirbhísí ar fáil ann le bliain go leith. Ní ullmhuchán iomchuí é seo do na hócáidí móra seo i gcreideamh na ngasúr. **Mar sin, táim ag smaoineamh faoi na sacraimintí a chur siar don bhliain seo chugainn go dtí go mbeidh taithí sé mhí acu arís ag teacht ag an Aifreann.** Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh na hócáidí seo againn go dtí an samhradh mar sin, mar a bhí i 2020.

2. Nuair a tháinig sibh chuig an séipéal blianta ó shin le bhur bpáistí chun go mbaistfí iad, ghlac sibh de dhualgas oraibh féin iad a thógáil sa gcreideamh. Sa gCóineartú, dearbhaíonn na gasúir creideamh iad féin, agus go bhfuil siad chun a saol a chaitheamh mar Chríostaithe, ag leanacht prionsabail agus nósanna na Críostaíochta ina saol, agus a bheith páirteach i saol na hEaglaise. Dá dtarlódh sé nach raibh taithí sé mhí ar ais ag an Aifreann acu roimh an Cóineartú a dhéanamh, ní bheinn chomh buartha sin mar ní bhaineann an Cóineartú go díreach leis an Eocairist. Mar a fheicimse é, baineann an Cóineartú le dearbhú an chreidimh Chríostaí. <u>B'fhearr liom ag an am céanna go mbeadh sé déanta acu roimh dul go dtí an meánscoil</u>. Ní bheinn sásta an leithscéal céanna a dhéanamh leis an gCéad Chomaoineach, áfach. Ní féidir an Chomaoineach a scaradh ón tAifreann. Ní dhéanfadh sé aon chiall dul ar aghaidh leis an gCéad Chomaoineach go dtí go mbeidh taithí an Aifrinn cothaithe iontu ar dtús.

Mar sin, rachaidh mé féin agus an scoil ar aghaidh ag réiteach na ngasúr mar a rinne le blianta anuas, ach níl mé chun dátaí a shocrú ag an bpoinnte seo. D'fheadfadh sé tarlú arís i 2021 mar a tharla i 2020: (1) nach mbeidh na sacraimintí seo againn go dtí mí Lúnasa 2021 nó ina dhiaidh sin, agus (2) nach mbeidh ach na gasúir agus beirt óna dteaghlaigh i láthair sa seipéal.

Iarraim oraibh anois, mar sin, a bheith foighdeach, gan a bheith ag pleanáil an iomarca, ionas nach mbeidh díoma ar aon duine.

Ní bheidh aon teacht le chéile agam leis na tuismitheoirí ag an bpoinnte seo – ní bheadh sé sin ag dul leis na srianta a iarrtar orainn a leanacht faoi láthair. Seolfaidh mé físeán chugaibh le

breathnú air sa mbaile. Chuige sin, ba mhaith liom go gcláródh sibh liom **trí ríomhphoist a sheoladh chugam** ag cinntiú go bhfuil do ghasúr chun an tsacraimint a dhéanamh a bhaineann leis an rang ina bhfuil sé/sí, mar seo **ce@parishes.galwaydiocese.ie**:

Ba mhaith liom _____ (Ainm an ghasúir)

i rang (2 nó 6) _____ **i Scoil** _____ (Éinne/Cholmcille),

a chlárú don _____ (Chéad Chomaoineach/Chóineartú) **i 2021.**

Séipéal an Bhaiste: _____

Sínithe:_____ **Uimhir fóin:** _____

Beidh an t-eolas a thabharfaidh tú don pharóiste príobháideach don pharóiste faoi GDPR, agus ní choinneofar é níos faide ná aimsir na sacraiminte féin i gceist.

Le gach deá-ghuí,

Seán

An tAthair Seán Mac Aoidh S.P., Teach an tSagairt, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-553155 Ríomhphost: ce@parishes.galwaydiocese.ie

Hoping that all are well settled back into school. All happy, I hear. Thanks to the principals and staff who made it all stress free.

Usually in September, we arrange Céad Chomaoineach and Cóineartú. This year, as things are very different, I would like to share a few thoughts:

1. It is important that the children be immersed in the life of the Church and in the Christian life in the parish before receiving these sacraments. This will be very difficult to do this year. By next summer, it may be that the children will be estranged from the sacramental and communitarian life of the church for a year and a half. This is not an appropriate preparation for the sacraments. I feel that the sacraments should be posponed, therefore, until they have six months' experience again coming at Mass. We could be talking about the summer!

2. At Confirmation, the candidates affirm their faith and announce that they will live their lives as Christians, following Christian principles for living well, and participating in the life of the Church. If it happened that they did not have the experience of six months back at Mass, I would not be overly concerned since Confirmation is not directly dependent on the Eucharist. As I see it, Confirmation is about the committment to living the Christian faith. At the same time, I would like to make sure that Confirmation took place before going to secondary school. I would not be willing though to extend the same latitude to Céad Chomaoineach. Eucharist cannot be separated from Mass. It would make no sense to go ahead with First Communion until they have a sound experience of Mass.

It may happen that we will not have these sacraments until August 2021 or later, and that only the children and two members of the family will be present in the church. I urge you to be patient, not planning too much, so that no one will be disappointed.

Please register with me by email to confirm that your child is to be included..... Your personal details are retained by the parish only until the celebration of the sacrament, and are retained in accordance with the parish's policy in regard to GDPR.